



An Phríomh-Oifig Staidrimh
Central Statistics Office



AN PHRÍOMH-OIFIG STADIRIMH

Ráiteas Straitéise
2017-2019

www.cso.ie/en/baile

Brollach



Fáiltim roimh an Ráiteas Straitéise uailmhianach seo, atá ar an gcéad cheann uaim i mo cháil mar Aire Stáit ag Roinn an Taoisigh le freagracht as an bPríomh-Oifig Staidrimh (an Oifig).

Baineann ríthábhacht le muinín as cáilíocht agus neamhspleáchas an staidrimh oifigiúil de réir mar a leanann Éire ar aghaidh ag úsáid na faisnéise agus an léargais a chuireann an Oifig ar fáil chun forbairt eacnamaíoch agus shóisialta a threorú. I mí na Bealtaine 2017, ghlac Rialtas na hÉireann Gealltanas maidir le Muinín as Staidreamh. Tríd an dearbhú sin a shíniú, neartaigh an Rialtas neamhspleáchas, neamhchlaontacht agus cáilíocht na hOifige.

Sa bhliain 2017, d'eisigh an Oifig 13 fhoilseachán san iomlán dírithe ar thorthaí Dhaonáireamh 2016. Clúdófar leis na foilseacháin sin Dáileadh agus Gluaiseachtaí Daonra, Líonta Tí agus Teaghlaigh, Daoine gan Dídean in Éirinn, Oideachas, Scileanna agus an Ghaeilge, i measc saincheisteanna eile. Cosúil leis na staitisticí go léir eile a dtáirgeann an Oifig iad, táthar ag baint leas as na staitisticí sin chun eolas a dhéanamh do dhíospóireacht agus chun tacú le beartais a cheapadh, a fhorbairt agus a chur chun feidhme. Cuireadh tús cheana féin leis an bpleanáil do Dhaonáireamh 2021. Ina theannta sin, d'aontaigh an Rialtas leis na socruithe cistiúcháin lena gcuirfear ar chumas na hÉireann na hoibleagáidí atá uirthi a chomhlíonadh i dtaca leis an gcéad bhabhta eile de dhaonáirimh agus áirimh thithíochta a chur ar fáil don Choimisiún Eorpach.

Le ról na hOifige sa staidreamh a chomhordú ar fud na hearnála poiblí, méadófar go mór an cumas chun tairbhe a bhaint as sonraí ar fud an chórais, rud as a dtiocfaidh cinnteoireacht fheabhsaithe fhianaisebhunaithe do ghnóthais, do shaoránaigh agus don rialtas. Tá áthas orm tacú leis an Oifig an Ráiteas Straitéise forásach seo a chur chun feidhme agus táim ag súil le hamharc ar an Oifig de réir mar a sháraíonn sí na dúshláin a bheidh uirthi sna trí bliana romhainn.

Ba mhaith liom an fhoireann a mholadh as an obair a chuir siad isteach sa Ráiteas Straitéise agus a n-iarrachtaí leanúnacha uilig le haghaidh todhcháil na Príomh-Oifige Staidrimh.

Joe McHugh, T.D.

*Príomh-Aoire an Rialtais agus Aire Stáit ag Roinn an Taoisigh
Nollaig 2017*

Réamhrá



Tá an chuma air nach bhfuil ach roinnt bheag ama imithe thart ó chuir mé an Ráiteas Straitéise 2016-2019 i láthair. Mar sin féin, ceanglaítear leis na hoibleagáidí dlíthiúla faoin Acht um Bainistíocht na Seirbhíse Poiblí go bhfoilsítear Ráiteas Straitéise nua ar Aire Stáit nua a cheapadh.

Rinne mise agus an Bord Bainistíochta athbhreithniú ar an Ráiteas Straitéise a foilsíodh i mí na Nollag anuraidh chun a bhreithniú an bhfuil nó nach bhfuil sé ag teacht fós le treo straitéiseach agus aidhmeanna na hOifige agus an chórais staidrimh go ginearálta. Táimid sásta gur dána forleathan fós atá na gníomhartha a leagtar amach istigh ann mar gurbh é sin an aidhm a bhí againn agus an straitéis á forbairt. Is fuinniúil fós atá an timpeallacht oibríocháin, áit a mbíonn dúshláin agus deiseanna nua ag teacht chun cinn i gcónaí.

Forbairt nua amháin den chineál sin sa timpeallacht is ea cur chun feidhme an Rialacháin Ghinearálta maidir le Cosaint Sonraí, rud a thiocfaidh in éifeacht sa bhliain 2018. Beidh impleachtaí ag an rialachán sin don dóigh ar féidir leis an Oifig sonraí pearsanta staidrimh a úsáid agus do dhearadh próiseas nua. Dá ainneoin sin, tagann sé go maith le luach na rúndachta, rud atá ina chuid dhílis den Oifig.

Tá áthas orm a fheiceáil go bhfuil an Oifig ag tosú cheana féin ar fheabhsuithe a sholáthar mar a beartaíodh sa Ráiteas Straitéise 2016-2019. Sampla amháin a thagann chun cuimhne is ea táscaire leibhéil nua a forbraíodh sa bhliain 2017 agus ar a dtugtar Ollioncam Náisiúnta Athraithe (GNI*). Is é aidhm an táscaire nua faisnéis úsáideach a chur ar fáil chun críocha anailíseacha agus samhaltaithe gheilleagraigh agus chun faisnéis níos leithne a chur ar fáil faoi gheilleagar na hÉireann chun críocha cinnteoireachta. Is é an cineál sin faisnéise ar ardchaighdeán, ar faisnéis í atá curtha in oiriúint do dhálaí na hÉireann agus lena dtugtar léargas agus eolas, ná an cineál díreach táirge ar mhian leis an Oifig a chruthú chun tacú leis an bpróiseas um fhorbairt na hÉireann sa todhcháil a threorú.

Tá an Oifig ag leanúint le hiarracht a dhéanamh leas iomlán a bhaint as acmhainneacht na réabhlóide sonraí agus teicneolaíochta chun raon níos leithne faisnéise ar ardchaighdeán a sholáthar faoi athrú sochaíoch agus eacnamaíoch. Táimid ag déanamh amhlaidh trí eagraíocht ardfheidhmíochta atá nuálach agus solúbtha a chruthú. Leagtar amach sa straitéis nuashonraithe seo conas a leanfaimid le freastal ar riachtanais ár gcustaiméirí agus táim muiníneach go gcuirtear ar ár gcumas léi na dúshláin atá romhainn a shárú.

Pádraig Daltún

*Ard-Stiúrthóir
Nollaig 2017*

Cé muidne

ÁR SAINORDÚ

Tá sainordú ag an Oifig, bunaithe ar an Acht Staidrimh, 1993 agus ar Rialachán AE 223/2009 (leasaithe), chun na feidhmeanna a leanas a chomhlíonadh;

- Bailiú, tiomsú, asbhaint agus scaipeadh, chun críocha staitistiúla, eolas a bhaineann le gníomhaíochtaí agus dálaí an Stáit i réimsí geilleagracha, sóisialta agus ginearálta
- Comhordú a dhéanamh ar staidreamh oifigiúil a thiomsaíonn údaráis phoiblí.

ÁR LUACHANNA

- Is iad ár mbunluachanna ná neamhspleáchas, oibiachtúlacht agus macántacht
- Cinntimid go gcloítear go hiomlán leis an ráthaíocht dlí faoi rúndacht agus cloítear i ngach gníomhaíocht le reachtaíocht staidrimh agus cosanta sonraí
- Spreagaimid nuálaíocht i ngach próiseas gnó agus eagrúcháin atá againn
- Táimid profisiúnta, iontaofa agus dílis
- Tá meas againn ar ár soláthróirí agus táimid tiomanta bealaí nua a fháil chun na héilimh orthu a laghdú
- Déanaimid ár ndícheall i gcónaí seirbhís den scoth a sholáthar dár gcustaiméirí
- Is mór againn ár bhfoireann agus déanaimid ár ndícheall i gcónaí timpeallacht a sholáthar ina mbaineann ár bhfoireann barr a gcumais amach agus ina éiríonn go geal leo ina gcuid oibre

ÁR MISEAN

Faisnéis d'ardchaighdeán a sholáthar ar mhaithe le cinnteoireacht fhianaisebhunaithe agus tacú le cuntasacht aron.

ÁR NEAMHSPLEÁCHAS

Is Oifig neamhspleách í an Phríomh-Oifig Staidrimh agus is é Ard-Stiúrthóir na hOifige amháin atá freagrach maidir le cúrsaí staitistiúla gairmiúla.

An obair a dhéanaimid

Is iad sonraí dúshraith na cinnteoireachta agus bunchloch na cuntasachta. Bunaítear beartais maithe ar shonraí maithe. Is é an ról atá againn ná léargas agus eolas neamhspleách a sholáthar le haghaidh díospóireacht agus cinnteoireacht éifeachtach ar fud an rialtais, earnálacha gnó agus na sochaí. Cabhraíonn staitisticí d'ardchaighdeán le daoine na hathruithe atá ag tarlú i ngeilleagar na hÉireann agus inár sochaí a thuiscint.

Eolas agus faisnéis a dhéanamh de sonraí ar son Éireann



SONRAÍ

EOLAS

FAISNÉIS

CINNTEOIREACHT
FHEASACH

Is as —●— a tiomsaítear —●— lena ghintear —●— arb é a thoradh —●—

Is é an tAcht Staidrimh sainordú na hOifige chun staidreamh oifigiúla a thiomsú ar bhonn neamhspleách oibiachtúil ina thugtar cosaint ar sonraí rúnda agus tá sé ina bhonn treise faoin gceart maireachtáil i sochaí eolach.

An timpeallacht dhinimiciúil ina n-oibrímid

Oibrímid i dtimpeallacht dhinimiciúil dhomhanda, atá faoi thionchar fáis gan fasach i líon agus i gcineál na sonraí, timpeallacht in arb iad an fhaisnéis agus an t-eolas i measc na n-acmhainní is luachmhaire sa domhan. Baineann staitisticí oifigiúla ciall as na sonraí seo le haghaidh cinnteoireacht fhianaisebhunaithe.

Ar na dúshlán eile inár dtimpeallacht staitistiúil tá;

- An ról comhordaithe méadaithe atá ag an bPríomh-Oifig Staidrimh agus ag an Ard-Stiúrthóir, faoi chreat reachtaíochta leasaithe an AE um staidreamh oifigiúil
- Fís an Bhoird Náisiúnta Staidrimh (NSB) chun Córas Staidrimh na hÉireann comhtháite a chur ar bun, mar a shonraítear ina Straitéis Staidrimh 2015-2020
- An t-éileamh ar staitisticí atá ag fás i gcónaí ar bhonn náisiúnta, AE agus domhanda
- Ár ról i soláthar faisnéise chun a chinntiú gur féidir le saoránaigh maireachtáil i sochaí atá eolach agus san am céanna muid ag cinntiú go gcloítear le reachtaíocht um chosaint sonraí.

Is é an cuspóir atá againn ní hamháin freagairt do na rudaí cumhachtacha seo atá ag spreagadh athruithe ach an timpeallacht ina n-oibrímid a shíormhúnlú.

Ár misean agus ár dtosaíochtaí straitéiseacha le haghaidh 2016-2019



An ról atá againn mar lucht tionchair

Leanfaidh an tionchar ríthábhachtach atá againn ar fhorbairtí i staidreamh oifigiúil san Eoraip agus ar fud an domhan trí na gnímh a leanas;

- ceannaireacht a sholáthar chun leas a bhaint as acmhainneacht foinsí tánaisteacha sonraí, lena n-áirítear mórshonraí
- feasacht ar dhúshlán staitistiúla an domhandaithe a spreagadh agus cabhrú le réimse níos leithne de tháscairí fiúntacha a fhorbairt
- cláir nuachóirithe a stiúradh sna Náisiúin Aontaithe (NA) agus i gCóras Staidrimh na hEorpa

Beart a dhéanamh de réir ár mbriathar

Táimid ag déanamh athnuachan ar ár modh oibre. Cuimsíonn an clár nuachóirithe againn samhail nua chineálach staidrimh um phróisis gnó chomh maith leis na bearta inniúlacht teicneolaíochta agus eagraíochtúil atá de dhíth chun spriocanna ár straitéis a sheachadadh. Forbraíodh an tsamhail sin ar chaighdeán an NA, an *Generic Statistical Business Model* (GSBPM), agus beidh feidhm aici i ngach réimse gnó den Phríomh-Oifig Staidrimh. Is é an cuspóir atá leis sin ná feabhas a chur ar líon, ar thráthúlacht agus ar chaighdeán ár dtáirgí staidrimh.

GSBPM

Sonraigh
riachtanais

Dear / Tionsaigh

Bailigh / Próiseáil

Déan
anailís / Scaip
sonraí

Measúnaigh

Tacóidh an Phríomh-Oifig Staidrimh leis an tsamhail nua chineálach staidrimh um phróisis ghnó a chur i bhfeidhm trí inniúlacht a chothú inár ndaoine, inár struchtúir agus inár bhfeidhmíocht. Glacfaimid leis na deiseanna a sholáthraíonn an réabhlóid sonraí agus teicneolaíochta chun an bealach a dhéanaimid ár ngnó a fheabhsú agus ár modh oibre a athnuachan.

Seachadadh a chumasú agus inniúlacht a chothú



DAOINE

Inniúlacht, gairmiúlacht agus scileanna ár ndaoine a chothú i gcónaí chun a chinntiú go bhféidir leis an Oifig brath ar oibrithe solúbtha, ilchumasacha, treallúsacha



FEIDHMÍOCHT

Tuilleadh forbartha a dhéanamh ar chultúr ardfheidhmíochta, nuálaíochta agus rannpháirtíocht foirne



PRÓISIS

amhail staidrimh um phróisis ghnó atá caighdeánaithe, éifeachtúil ó thaobh costas, éifeachtúil a leabú chun staitisticí leanúnacha d'ardchaighdeán a sheachadadh



TEICNEOLAÍOCHT

Ardán oiriúnaitheach sonraí agus seirbhísí a thógáil a chabhraíonn leis an bpróiseas bailithe agus táirgthe



STRUCHTÚIR EAGRÚCHÁIN

Na struchtúir chearta eagrúcháin a fhorbairt i gcónaí chun tacú le nuachóiriú



CÁILÍOCHT

Na caighdeáin is airde a chomhlíonadh i gcónaí i réimsí cáilíochta, cosanta sonraí agus modheolaíochta agus leas a bhaint as gach foinse sonraí atá ar fáil

CSO

Ráiteas Straitéise 2016-2019

Ár gcuspóirí straitéiseacha

1

Eolas agus faisnéis do gach duine a dhéanamh de shonraí agus staitisticí

Eolas staitistiúil atá tráthúil, ábhartha agus beacht a sheachadadh

- Ár gclár oibre staidrimh leathan a sheachadadh
- Léargas níos fearr a sholáthar ónár n-*aschur* staitistiúil trí chumarsáidí feabhsaithe lena n-áirítear léirshamhlú agus nascáil le haschur eile staitistiúil
- Inniúlacht inmheánach a chothú le freagairt níos éifeachtúla do na riachtanais sonraí atá ag úsáideoirí

Réimse ár dtáirgí agus seirbhísí staitistiúla a fhairsingiú

- Tacar feabhsaithe aschuir a fhoilsiú ó Dhaonáireamh 2016
- *Aschur* ar chuntais fuinnimh agus timpeallachta a mhéadú agus a fhorbairt
- Ár staitisticí maicreacnamaíocha a fhorbairt chun tuilleadh eolais a sholáthar ar gheilleagar intíre na hÉireann

A chinntiú go bhfuil na sonraí ábhartha agus a n-úsáid a chur chun cinn

- Riachtanais custaiméirí a shainiú agus freastal orthu
- Feabhas a chur ar chumarsáid agus rochtain ar ár dtáirgí staitistiúla agus a n-úsáid a chur chun cinn
- Úsáid micreashonraí ar mhaithe le taighde staitistiúla a éascú tuilleadh

2

Cur le húsáid foinsí tánaisteacha sonraí lena n-áirítear sonraí riaracháin agus Mórshonraí

Cur le húsáid foinsí tánaisteacha

- Leas a bhaint as sonraí riaracháin i gcónaí chun staidreamh oifigiúil a sholáthar
- Acmhainneacht Mórshonraí ó thaobh staidreamh oifigiúil a thiomsú de a iniúchadh agus leas a bhaint astu dá réir
- An Bonneagar Sonraí Náisiúnta (NDI) a úsáid chun táirgí staitistiúla nua agus cinn feabhsaithe a fhorbairt

3

Leanúint orainn ag cothú inniúlacht ár ndaoine

Inniúlacht a chothú inár ndaoine

- Cultúr d'fhoghlaim leanúnach agus d'fhorbairt ghairmiúil a chur chun cinn chun a chinntiú go n-oibríonn baill foirne ar bharr a gcumais agus go bhfuil páirt ghníomhach acu i spriocanna na hOifige a bhaint amach
- Feidhm AD straitéiseach a chothú chun teacht go hiomlán le riachtanais gnó na hOifige agus iad ag athrú
- Clár rannpháirtíochta agus nuálach foirne ar fud na heagraíochta a chur i bhfeidhm
- Leanúint orainn ag cruthú timpeallacht dhearfach oibre ag moladh tiomantas leanúnach don eagraíocht

4

Ár bpróisis agus ár gcórais staitistiúla a nuachóiriú

Cur le seasmhacht ár bpróiseas agus ár gcórais staitistiúla

- Clár uailmhianach athchóirithe a chur i bhfeidhm ar ár bpróisis agus ar ár gcórais staitistiúla bunaithe ar chaighdeán idirnáisiúnta, an *Generic Statistical Business Process Model* (GSBPM).
- Ardán de sheirbhísí oiriúnaitheacha a chothú a chabhraíonn le cur i bhfeidhm GSBPM

Cáilíocht, sláine, cosaint agus slándáil ár sonraí a chosaint

- Creatchóras um Bhainistíocht Cáilíochta bunaithe ar GSBPM a chur i bhfeidhm

5

Cáilíocht gach ábhar staidrimh oifigiúil a tháirgtear in Éirinn a chomhordú, a mhaoirsiú agus a dhearbhu

Forbairt Chórais Staidrimh na hÉireann a stiúradh agus forbairt an NDI a spreagadh

- Córas Staidrimh na hÉireann a fhorbairt de réir *Straitéis Staidrimh 2015-2020* an Bhoird Náisiúnta Staidrimh (NSB)
- Cur leis an gclár staitisteach a thabhairt ar iasacht do ranna eile chun seirbhís anailiseach leanúnach, éifeachtach, chomhordaithe a chothú don Rialtas
- Páirt lárnach a ghlacadh i bhforbairt an Bhoneagar Sonraí Náisiúnta (NDI) i gcomhar leis an Roinn Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe, ag obair i dtreo córas cláraithe arna thacú go hiomlán ag reachtaíocht chun raon agus cáilíocht sonraí riaracháin a fheabhsú
- Tionscadail Pathfinder a shainiú agus a chur i bhfeidhm le ranna Rialtais a chuireann luach le beartais nó seirbhísí agus a dhéanann dul chun cinn ar fhorbairt an NDI

Staitisticí náisiúnta agus Eorpacha a thiomsaítear in Éirinn a chomhordú, chun oibleagáidí náisiúnta agus AE a chomhlíonadh

- Ról na Príomh-Oifige Staidrimh a fhorbairt mar chomhordaitheoir ar ghníomhaíochtaí staitistiúla do gach eagrais soláthraithe staidrimh oifigiúil in Éirinn de réir an Achta Staidrimh, 1993 agus de réir athbheithnithe an Rialachán AE ar staidreamh Eorpach.

Le haghaidh eolas ar tháirgí agus seirbhísí na hOifige, gabh chuig an suíomh gréasáin againn - www.cso.ie/en/baile

Le haghaidh eolas ar an gclár oibre staidrimh againn féach <http://www.cso.ie/en/aboutus/governance/statisticalworkprogramme/>